

# **Limerick Prison Visiting Committee Annual Report 2012**

We the members of Limerick Prison Visiting Committee are pleased to present our **Annual Report 2012**.

The committee held monthly and interim meetings during the year and is currently comprised of six members.

Limerick Prison is a committal prison for men from counties Tipperary, Clare and Limerick and for women prisoners from the six counties of Munster. It is an exceptionally busy place with prisoners moving in and out every day, to and from courts, hospitals, other prisons and by committal from the community and eventually on discharge to the community. We do not underestimate the extent of the task that is managed by the Governor and his staff in this regard. On all of our visits we were impressed not only with the sense of order and cleanliness but also with the prevailing atmosphere. Relations between staff and prisoners are excellent and we recognise the contribution that both staff and prisoners make in this regard.

## **Numbers on Custody**

We are gratified to note that during 2012 there was a concerted effort to reduce the numbers of Prisoners in custody to the level considered appropriate by the Inspector of Prison. On the 19<sup>th</sup> of February 2012 there were 352 prisoners in custody at Limerick Prison. By the 19<sup>th</sup> of February 2013 that number had been reduced to 245. This is significant by any measure and represents a desirable improvement in the overcrowding situation. However it also brings a welcome improvement to the circumstances of those who deliver services to Prisoners and the Governor reports that the management of Prisoners sentences is now more meaningfully structured than has been possible before.

We met with individual prisoners both male and female at various locations throughout the Prison. There were no issues of exceptional importance raised with the committee by prisoners during the year but areas identified as problematic for prisoners are categorised as follows:

**Transfers to other places of detention,  
Loss of privileges  
Temporary Release applications,  
Search process and positive indications by the OSG dog,  
Family visits,  
Medical treatment including Dentistry  
General complaints .**

These issues were raised with the Governor and the committee is satisfied that the various matters raised, while frustrating for the prisoners concerned, were nevertheless in accordance with the Prison Rules. We are happy to note that a more formalised Prisoner complaints process has been put in place under the oversight of the Inspector of Prisons and

with complaints categorised according to their seriousness. We will monitor developments in this regard throughout 2013.

### **Death in Custody**

Regrettably there was the death of a young man alone in his cell at Limerick Prison during January 2012. The Committee wishes to express its deepest sympathies to the family of the deceased prisoner.

### **Protection Prisoners**

We are happy to note that while there are still unacceptably high numbers of Prisoners “on protection” at Limerick Prison their circumstances have been improved by their relocation to D cell block that enjoys full in cell sanitation. We are satisfied that the Governor and his team are persistently engaged in efforts to improve their circumstances and to reduce the numbers on Protection. We note that while there has been a small reduction in the overall numbers on protection that there has in fact been a small proportionate increase given the reduction in the total numbers. We will pay particular attention to this matter during 2013.

### **Probation Service**

The committee notes that following concerns raised by us in 2011 with respect to the number of Probation Officers at Limerick Prison that a senior Probation Officer is now assigned additionally on a part time basis. It remains our view that this service should be expanded as soon as circumstances allow. However we recognize the improvement that is represented by the reduction in total numbers in custody.

### **Female Prison**

The committee is concerned that the Female Prisoners should have an expanded range of activities available to them. The Committee welcomes the developments in this regard during 2012 and is particularly gratified to note the greater consistency of access to Education.

### **Infrastructural areas**

The committee welcomes the ongoing upgrading of the Prison. As we did in previous years the committee recommends that in - cell sanitation currently in C, D and E wings be extended to the two remaining wings. However we have recently been advised by the Governor that planning for the demolition and replacement of B Wing is at an advanced stage and that he is hopeful of approval and commencement in 2013. This project would secure the provision of in cell sanitation throughout Limerick Prison and we will monitor developments in this regard throughout 2012 . Separately we are advised that planning is at an advanced stage with respect to modernization of the sewage system at the Prison and that this project will commence in mid 2013.

### **Catering**

Throughout the year the committee has visited the catering department and has found it to be of the highest standard. All food items were sampled at points of production and service to prisoners and were found to be of the highest quality both in presentation and content. There were no complaints from Prisoners about the quality or quantities of food throughout the year.

### **Foreign Nationals**

The committee has again noted the marked decrease of foreign nationals in custody. We also note that translators are provided by the governor in order to aid the communication process with these male and female persons. The committee is happy to report that no issues emerged during the year around the treatment of foreign nationals in custody.

### **Incentivised Regime**

We were advised of the successful launch of the Incentivised Regime scheme during 2012. The Committee welcomes this formal approach to the management of Prisoners sentences. We are advised by the Governor that there has been a significant reduction in the number of Disciplinary Reports particularly those relating to prisoner on prisoner violence which is considered to be directly attributable to the Incentivised Regimes scheme.. We will be monitoring progress in this area and will receive regular updates from the Governor during 2013.

### **Education Service**

The Education Unit currently offers a number of programmes which underpin Positive Sentence Management.

These programmes facilitate inmates to: -

- Cope with their sentence,**
- Achieve personal development goals,**
- Reintegrate into society post release,**
- Develop an appreciation of the importance of education for their families.**

The committee also notes that students within the Education Unit continue to offer their work to charitable causes within Limerick City and the surrounding areas. Charitable contributions from the Craft Shop include: -

- Items of furniture**
- Craft and Art work,**

Benefactors include CARI, Adapt House, Milford Hospice, St Gabriel`s School and Centre, The Alzheimer`s Society, Crumlins Childrens Hospital and Bedford Row Project.

The school itself is a marvellous facility and is staffed by a dedicated group of teachers many of whom have worked at Limerick Prison for a number of years. The committee recognises the operational difficulties that limit the numbers attending but is ever hopeful that changes in the future will allow for increased numbers availing of this wonderful facility. The Committee wishes to thank the Principal and his teachers for their obvious dedication to their roles.

### **Substance Abuse**

The committee is concerned at the continued availability of drugs within the prison despite the best efforts of the Governor and his staff. We feel that the drugs problem within prisons

undermines the Irish Prison Services mission to "**provide safe, secure and humane custody for people who are sent to prison**".

We commend the governor and his staff on the continued work of stemming the drug flow into the prison. We also welcome the appointment of a Doctor to manage the methadone programme at the Prison. We strongly recommend that this service be made available each day given the increase in the numbers of prisoners presenting with addiction issues. We are advised that a dedicated Drug Free accommodation unit has been established at Limerick Prison during 2012. We welcome this development and look forward to being kept advised by the Governor in this regard.

We also wish to compliment the two full time staff of **Merchants Quay** who provide a comprehensive addiction counselling service. We are advised by the Governor that their case load has increased significantly in recent times and that they have successfully introduced a system of post release placements for prisoners struggling with addiction

We also wish to compliment the Medical Team on it's management of the overall Medical Care system at the Prison. We acknowledge the difficulties presented by an ever changing population with a range of drug, alcohol and lifestyle related conditions. We are fully cognizant of the difficulties faced by the Medical team at Limerick Prison and we wish to record our appreciation for the efforts of the team members.

### **Psychiatric Service**

We have noted the weekly attendance of the Forensic psychiatric team to Limerick Prison. This service is overseen by the committed surgery staff within the prison and is vitally important due to the increase in prisoners with psychiatric illnesses entering Limerick Prison from the community. **The committee holds the view that psychiatric services should be available to the courts at the point of sentencing to limit the numbers being committed with psychiatric illnesses.**

We recommend that there be an outreach centre in the community to enable a continuation of treatment for inmates with mental health issues post release.

### **Employment**

The committee has noted the increased level of meaningful activity for Prisoners and in particular the increased opening hours at the Craft/Woodwork Shop. However the loss of Industrial Staff to retirements and transfers has severely reduced the number of workshop places at Limerick Prison. We are advised by the Governor that the Transformation Process should provide Work Training Officers to fill the existing gaps.

### **Psychology Service**

We note the continuing comprehensive service provided by the full time psychologist within Limerick Prison. We are advised by the Governor that this service is of exceptional value and that it is critical to the delivery of Medical Care to Prisoners.

### **Chaplaincy**

We wish to acknowledge the quiet work of Fr. John Walsh the resident Chaplain. We are advised by the Governor that the Chaplains role is simply irreplaceable and that prisoners rely

upon him in many different ways and to a far greater extent than is fully understood. The Governors view is that the Chaplaincy not only ministers to the spiritual needs of the prison community but represents a point of contact for troubled prisoners which is replicated by no other service. We support this view and wish to thank Fr. Walsh for his work at Limerick Prison.

### **Visitation**

The committee visited Mountjoy Prison and the Dóchas Centre during the year which proved extremely informative in terms of regime activities in another institution. We wish to thank the Governors of Mountjoy Prison and the Dóchas Centre for making us so welcome on the day.

### **Appointments**

The committee wishes to acknowledge the work of the Clerical Staff at Limerick who commenced the process of their replacement as a grade at the end of 2012. There has always been a Clerk assigned as Secretary to the Visiting Committee and we would like to take this opportunity to express our appreciation to them for their work on our behalf and to wish them well in their new deployments. We also like to welcome the new Clerical Officers who took up their positions in December 2012.

In conclusion we wish to express our thanks to all of those who have been of assistance to us throughout the year. In particular we wish to thank our secretary and her assistant for their efforts on our behalf.

The Committee would particularly like to acknowledge the work of Governor Mullane and his team. There has been much progress at Limerick Prison in recent times and it is important that we acknowledge that formally in our end of year report.

Signed on behalf of the Committee,

---

**Maria Gorman**  
**Chairperson**  
**31 March 2012**

## **Tuarascáil Bhliantúil 2012 Choiste Cuairte Phríosún Luimnigh**

Tá áthas orainne mar bhaill de Choiste Cuairte Phríosún Luimnigh ár **dTuarascáil Bhliantúil do 2012** a chur i láthair.

Bhí cruinnithe míosúla agus cruinnithe eatramhacha ag an gcoiste le linn na bliana agus tá seisear ball ann faoi láthair.

Is príosún cimithe é Príosún Luimnigh d'fhir ó chontae Thiobraid Árann, ó chontae an Chláir agus ó chontae Luimnigh agus do mhná ó na sé chontae i gCúige Mumhan. Is áit ríghnóthach é toisc go mbogann príosúnaigh isteach agus amach gach lá, chuig agus ó na cúirteanna, na hospidéal, na príosúin eile agus trí chimiú ón bpobal agus, sa deireadh, ar scaoileadh chuig an bpobal. Ní mheasaimid faoina cumas fairsinge an taisc a bhainistíonn an Gobharnóir agus an fhoireann ina leith seo. Bhíomar tógtha ar ár gcúirteanna go léir leis an mothú oird agus glaineachta agus leis an atmaisféar a bhí i réim. Is sármhaith atá an caidreamh idir foireann agus príosúnaigh agus aithnímid an méid a chuireann foireann agus príosúnaigh araon leis sin.

### **Líon Daoine faoi Choimeád**

Is údar sásaimh dúinn a thabhairt faoi deara go ndearnadh iarracht chomhbheartaithe i rith 2011 ar líon na bPríosúnach faoi choimeád a laghdú go dtí an leibhéal a mheasann an Cigire Príosún a bheith iomchuí. Ar an 19 Feabhra 2012, bhí 352 príosúnach faoi choimeád ag Príosún Luimnigh. Faoin 19 Feabhra 2013, laghdaíodh an líon sin go 245 príosúnach. Tá sé seo suntasach i gcuid mhaith bealaí agus léiríonn sé feabhsú inmhianaithe ar an gcúrsa plódaithe. Ina theannta sin, áfach, tugann sé feabhsú dearfach ar dhálaí na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí do Phríosúnaigh agus tuairiscíonn an Gobharnóir go bhfuil bainistiú phianbhreitheanna na bPríosúnach á struchtúrú ar bhealach níos bríche ná a bhí féideartha roimhe seo.

Bhuaileamar le príosúnaigh aonair, fir agus mná araon, ag suíomhanna éagsúla ar fud an Phríosúin. Ní dhearna príosúnaigh aon saincheisteanna a bhfuil ríthábhacht ag baint leo a ardú leis an gcoiste le linn na bliana ach tá na réimsí a sainaithníodh mar fhadhbanna do phríosúnaigh catagóirithe mar seo a leanas:

**Aistrithe go háiteanna eile coinneála**  
**Cailliúint pribhléidí,**  
**Iarratais ar Scaoileadh Amach Sealadach,**  
**Próiseas cuardaigh agus tásca deimhneacha arna ndéanamh ag an madra GTO**  
**(Grúpa Tacaíochta Oibríochtúla),**  
**Cuairteanna teaghlaigh,**  
**Cóireáil leighis, lena n-áirítear gearáin Ghinearálta Fiaclóireachta.**

Ardaíodh na saincheisteanna seo leis an nGobharnóir agus tá an coiste sásta go raibh na saincheisteanna éagsúla a ardaíodh i gcomhréir le Rialacha an Phríosúin, cé go bhfuil siad ina gcúis le frustrachas do na príosúnaigh lena mbaineann. Tá áthas orainn a thabhairt faoi deara gur cuireadh próiseas níos foirmeálta um ghearáin Phríosúnach i bhfeidhm faoi mhaoirseacht an Chigire Príosún agus ina ndéantar gearáin a chatagóiriú de réir a dtromchúise. Déanfaimid monatóireacht ar fhorbairtí ina leith seo ar fud 2013.

### **Bás faoi Choimeád**

Ar aon drochuair, fuair fear óg amháin bás ina chillín ag Príosún Luimnigh i rith mhí Eanáir 2012. Is mian leis an gCoiste comhbhrón deacrach a dhéanamh le teaghlach an phríosúnaigh nach maireann.

### **Príosúnaigh faoi Chosaint**

Cé go bhfuil líon ard Príosúnach “faoi chosaint” ag Príosún Luimnigh – nach féidir glacadh leis – go fóill, tá áthas orainn a thabhairt faoi deara gur feabhsaíodh a gcuid dálaí trína n-athlonnú go bloc cillíní c mar a bhfuil sláintíocht iomlán laistigh de na cillíní. Táimid sásta go mbíonn an Gobharnóir agus a fhoireann páirteach in iarrachtaí ar a ndálaí a fheabhsú agus ar an líon faoi Chosaint a laghdú. Tugaimid dár n-aire gur tháinig méadú comhréireach beag ar an líon iomlán faoi chosaint mar gheall ar an laghdú ar an líon iomlán príosúnach, cé gur tháinig laghdú beag ar an líon iomlán faoi chosaint. Tabharfaimid aird ar leith ar an tsaincheist seo le linn 2013.

### **An tSeirbhís Promhaidh**

Tugann an Coiste dá aire go sanntar Oifigeach Promhaidh sinsearach sa bhreis anois ar bhonn páirtaimseartha tar éis dúinn buarthaí a ardú i 2011 maidir le líon na nOifigeach Promhaidh ag Príosún Luimnigh. Is í ár dtuairim go fóill gur cheart an tseirbhís seo a leathnú a luaithe is féidir sna cúinsí. Mar sin féin, aithnímid an feabhas a léiríonn an laghdú ar an líon iomlán faoi choimeád.

### **Príosún na mBan**

Tá an coiste buartha gur cheart raon leathnaithe gníomhaíochtaí a bheith ar fáil do na Banphríosúnaigh.

### **Réimsí Bonneagair**

Fáiltíonn an coiste roimh uasghrádú leanúnach an Phríosúin. Faoi mar a rinneamar i mblianta roimhe seo, molann an coiste gur cheart an tsláintíocht laistigh de na cillíní i sciathán C, i sciathán D agus i sciathán E a leathnú chuig an dá sciathán eile. Mar sin féin, d’inis an Gobharnóir dúinn le déanaí go bhfuil pleanáil le haghaidh scairteáil agus ionadú Sciathán B ag ardchéim agus tá dóchas aige go ndéanfar í a fhaomhadh agus a thosú i 2013. D’aimseodh an tionscadal seo an soláthar sláintíochta laistigh de na cillíní ar fud Phríosún Luimnigh agus déanfaimid monatóireacht ar fhorbairtí ina leith seo ar fud 2012. Go leithleach, insítear dúinn go bhfuil pleanáil ag ardchéim i ndáil le nuachóiriú an chórais chamrais ag an bPríosún agus go dtosófar an tionscadal seo i lár 2013.

### **Lónadóireacht**

Thug an coiste cuairt ar an roinn lónadóireachta ar fud na bliana agus d’aimsigh sé go bhfuil sé ar an gcaighdeán is airde. Sampláladh na míreanna bia go léir ag an bpointe táirgthe agus ag an bpointe seirbhíse do phríosúnaigh agus aimsíodh go rabhadar ar an gcaighdeán is airde ó thaobh léirithe agus ábhair araon de. Ní dhearna Príosúnaigh aon ghearáin faoi chaighdeán an bhia ná faoi chainníochtaí an bhia ar fud na bliana.

### **Náisiúnaigh Choigríche**

Thug an coiste dá aire athuair an laghdú suntasach ar náisiúnaigh choigríche faoi choimeád. Tugaimid dár n-aire freisin go soláthraíonn an gobharnóir aistritheoirí d’fhonn cabhrú leis an bpróiseas cumarsáide leis na príosúnaigh fhireanna agus bhaineanna seo. Tá

áthas ar an gcoiste a thuairisciú nár tháinig aon saincheisteanna chun cinn le linn na bliana maidir leis an dóigh a gcaitear le náisiúnaigh choigríche faoi choimeád.

#### Córas Dreasaíthe

Insíodh dúinn faoi sheoladh rathúil scéim an Chórais Dreasaíthe i rith 2012. Fáiltíonn an Coiste roimh an gcur chuige foirmiúil seo maidir le bainistiú phianbhreitheanna na bPríosúnach. D'inis an Gobharnóir dúinn go raibh laghdú suntasach ar líon na dTuairiscí Araíonachta, go háirithe iad siúd a bhaineann le foréigean idir príosúnaigh a mheastar a bheith inchurtha go díreach i leith scéim an Chórais Dreasaíthe. Déanfaimid monatóireacht ar dhul chun cinn sa réimse seo agus gheobhaimid tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta ón nGobharnóir le linn 2013.

#### An tSeirbhís Oideachais

Tairgeann an tAonad Oideachais roinnt clár faoi láthair atá mar bhonn agus thaca ag Bainistíocht Pianbhreithe Dhearfach.

Déanann na cláir seo éascaíocht do phríosúnaigh chun: -

**Aghaidh a thabhairt ar a bpianbhreith,  
Spriocanna forbartha pearsanta a bhaint amach,  
Athimeascadh sa tsochaí i ndiaidh a scaoilte amach,  
Tuiscint a fhorbairt ar thábhacht an oideachais dá dteaghlach.**

Tugann an coiste dá aire freisin go leanann na mic léinn laistigh den Aonad Oideachais orthu a gcuid oibre a thairiscint do chúiseanna carthanachta laistigh de Chathair Luimnigh agus na ceantair máguaird. I measc na rudaí a thug an Siopa Ceardaíochta chun críche carthanachta tá:-

#### **Míreanna troscáin agus obair Cheardaíochta agus Ealaíne,**

I measc na bpátrún tá CARI, Teach Adapt, Ospís Áth an Mhuilinn, Scoil agus Ionad Naomh Gabriel, An Cumann Alzheimer, Ospidéal Leanaí Chromghlinne agus Tionscadal Rae Bedford.

Is áis iontach í an scoil féin agus tá grúpa tiomanta múinteoirí, ar oibrigh cuid mhór díobh ag Príosún Luimnigh le roinnt blianta anuas, mar fhoireann na scoile. Aithníonn an coiste na deacrachtaí oibriúcháin a chuireann teorainn leis an líon daoine a fhreastalaíonn uirthi ach tá dóchas aige go n-éascóidh athruithe sa todhchaí líonta méadaithe ag baint leas as an áis iontach seo. Is mian leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis an bPríomhoide agus lena mhúinteoirí as a dtiomantas soiléir dá gcuid ról.

#### Mí-Úsáid Substaintí

Tá imní mhór ar an gcoiste fós faoin infaighteacht drugaí sa phríosún, d'ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Gobharnóir agus a fhoireann. Mothaímid go ndéanann an fhadhb drugaí sa phríosún lagú ar mhisean Sheirbhís Phríosúin na hÉireann **“coimeád sábháilte, daingean agus daonna a sholáthar do dhaoine a chuirtear sa phríosún”**.

Molaimid an gobharnóir agus a fhoireann as an obair leantach ar bhac a chur ar shreabhadh na ndrugaí isteach sa phríosún. Chomh maith leis sin, fáiltímid roimh an gceapadh Dochtúra chun an clár meatadóin ag an bPríosún a bhainistiú. Molaimid go láidir gur cheart an tseirbhís seo a chur ar fáil gach lá mar gheall ar an méadú ar líon na



bpríosúnach a thagann i láthair le fadhbanna andúile. Insíodh dúinn gur bunaíodh aonad cóiríochta Saor ó Dhrugaí i bPríosún Luimnigh le linn 2012. Fáiltímid roimh an bhforbairt seo agus táimid ag súil le cloisteáil ón nGobharnóir ina leith seo.

Is mian linn freisin moladh a thabhairt don bheirt bhall foirne lánaimseartha de **Merchants Quay** a chuireann seirbhís chuimsitheach chomhairleoireachta andúile ar fáil. D’inis an Gobharnóir dúinn gur mhéadaigh a líon cásanna go mór le déanaí agus gur éirigh leo córas um shocrúcháin iarscaoilte a thabhairt isteach do phríosúnaigh atá ag streachailt le handúil. Is mian linn moladh a thabhairt don Fhoireann Mhíochaine as bainistiú an chórais fhoriomláin Chúraim Mhíochaine ag an bPríosún. Admhaímid na deacrachtaí a chruthaíonn pobal ag síoraistriú ag a bhfuil raon riochtaí a bhaineann le drugaí, le halcól agus le cineál saoil. Aithnímid go hiomlán na deacrachtaí os comhair na foirne Míochaine ag Príosún Luimnigh agus is mian linn ár mbuíochas as iarrachtaí na mball foirne a thaifeadadh.

### **Seirbhís Shíciatrach**

Thugamar dár n-aire gur fhreastail an fhoireann shíciatrach Fhóiréinseach ar Phríosún Luimnigh ar bhonn seachtainiúil. Déanann an fhoireann thiomanta mháinliachta laistigh den phríosún maoirseacht ar an tseirbhís seo agus tá sí ríthábhachtach mar gheall ar an méadú ar phríosúnaigh a bhfuil tinnis shíciatracha orthu atá ag dul isteach i bPríosún Luimnigh ón bpobal. **Tá an coiste den tuairim gur cheart seirbhísí síciatracha a bheith ar fáil do na cúirteanna agus pianbhreith á déanamh chun teorainn a chur leis an líon daoine a bhfuil tinnis shíciatracha orthu atá á gcimiú.**

Molaimid gur cheart ionad for-rochtana a bheith sa phobal chun leanúint cóireála a chumasú do phríosúnaigh a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu tar éis a scaoilte.

### **Fostaíocht**

Thug an coiste dá aire an leibhéal méadaithe gníomhaíochta bríche do Phríosúnaigh agus go háirithe na huaireanta oscailte méadaithe ag an Siopa Ceardaíochta/Adhmadóireachta. Laghdaigh an chailliúint Foirne Tionsclaíche mar gheall ar scor agus aistrithe líon na n-áiteanna ceardlainne ag Príosún Luimnigh go mór. D’inis an Gobharnóir dúinn gur cheart don Phróiseas Bunathraithe Oifigigh Oiliúna Oibre a chur ar fáil leis na bearnaí atá ann a líonadh.

### **An tSeirbhís Síceolaíochta**

Tugaimid dár n-aire an tseirbhís chuimsitheach leantach a chuireann an síceolaí lánaimseartha laistigh de Phríosún Luimnigh ar fáil. D’inis an Gobharnóir dúinn go bhfuil luach sármhaith ag baint leis an tseirbhís seo agus go bhfuil sí ríthábhachtach maidir le Cúram Míochaine a sholáthar do Phríosúnaigh.

### **Séiplíneacht**

Is mian linn aitheantas a thabhairt d’obair chiúin an tSéiplínigh Chónaithigh, an tAth. John Walsh. D’inis an Gobharnóir dúinn gur ról nach féidir a chomhshamhail a sholáthar é ról an tSéiplínigh agus go mbraitheann príosúnaigh air ar chuid mhaith dóigheanna éagsúla agus go pointe atá i bhfad níos mó ná a thuigtear go hiomlán. Is í tuairim an Ghobharnóra nach amháin go bhfreastalaíonn an tSéiplíneacht ar riachtanais spioradálta phobal an phríosúin, ach seasann sí freisin do phointe teagmhála do phríosúnaigh shuaite nach bhfuil a mhacasamhail ar fáil i seirbhís ar bith eile. Tacaímid leis an tuairim seo agus is mian linn buíochas a ghabháil leis an Ath. Walsh as a chuid oibre i bPríosún Luimnigh.

### **Cuairt**

Thug an coiste cuairt ar Phríosún Mhuinseo agus ar Ionad Dóchais le linn na bliana a bhí an-fhaisnéiseach maidir le gníomhaíochtaí córais in institiúid eile. Is mian linn buíochas a ghabháil le Gobharnóirí Phríosún Mhuinseo agus le hIonad Dóchais as an bhfáilte chroíúil a chuireadar romhainn ar an lá.

### **Ceapacháin**

Is mian leis an gcoiste aitheantas a thabhairt don Fhoireann Chléireachais ag Príosún Luimnigh a chuir tús lena n-ionadú mar ghrád ag deireadh 2012. Is i gcónaí a sannadh Cléireach mar Rúnaí don Choiste Cuairte agus ba mhaith linn an deis seo a thapú chun ár mbuíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre thar ár gceann agus guímid gach rath orthu ina n-imscaradh nua. Ba mhaith linn freisin fáilte a chur roimh na hOifigigh Chléireachais nua a chuir tús lena bpost nua i mí na Nollag 2012.

Mar bhuille scoir, is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl dóibh siúd go léir a chabhraigh linn ar fud na bliana. Is mian linn buíochas a ghabháil lenár rúnaí agus lena cúntóir go háirithe as a n-iarrachtaí thar ár gceann.

Ba mhaith leis an gCoiste seo aitheantas a thabhairt go háirithe d'obair an Ghobharnóra Mullane agus a fhoirne. Rinneadh an-dul chun cinn i bPríosún Luimnigh le déanaí agus tá sé tábhachtach go n-aithnímid é sin go foirmiúil inár dtuarascáil deireadh bliana.

Sínithe thar ceann an Choiste,

[síniú]

Maria Gorman, Cathaoirleach  
31 Márta 2012